



# Fios Fuaimeanna – Treoir don Mhúinteoir

## Intreoir

*De réir mar a thuigeann páistí go bhfuil ciall le cló agus go léiríonn an léitheoireacht an chiall atá leis an chló sin, ba chóir iad a spreagadh le fiosracht faoi fhocail a fhorbairt, an fhuaim atá leo, na patrúin laistigh d'fhocail agus an dóigh a gcumtar iad. Trí leabhair a roinnt agus a úsáid, ba chóir go gcuirfeadh páistí eolas ar litreacha, ar an chruth atá orthu agus an fhuaim atá leo. (Curaclam Thuaisceart Éireann Bunscolaíocht, lch 27)*

Bíonn dóigheanna éagsúla ag múinteoirí tabhairt faoin dúshlán sin thuas. Sa phacáiste seo, déantar iarracht deis a thabhairt do mhúinteoirí páistí a spreagadh le tús-chonsain, fuaimeanna agus patrúin a théann le focail a fhiosrú mar chéad chéim i dtreo litreacha a thuiscint. Is céim réamhléitheoireachta é seo go bunúsach ina n-ardaítear feasacht go luath sa phróiseas ar bhealach spráil. Bheifí ag dúil go mbeadh páistí ag tosú a 'thabhairt faoi deara'. Is gné amháin den litearthacht í an fhónaic agus is scil thábhachtach réamhléitheoireachta é go mbeadh na páistí in ann fuaimeanna na gconsan a aithint agus a fhoghlaim. *De réir mar a théann daltaí tríd an Bhonnchéim ba chóir, i gcomhthéacs a gcuimhsí sa teanga, iad a chumasú le tuiscint go bhfuil focail déanta d'fhuaimneanna agus de shiollaí agus go seasann fuaimeanna do litreacha (feasacht fóineimeil/graiféime). (Curaclam Thuaisceart Éireann Bunscolaíocht, lch 28)* Is gá go mbeadh tuiscint mhaith fhóineolaíoch ag na páistí ar na tús-fhuaimeanna le go mbeidh siad réidh le tabhairt faoin na céimeanna eile fónaice agus réamhléitheoireachta. Is réamhriachtanas í forbairt na feasachta fóineolaíochta don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht araon.

Forbraíodh an áis seo le freastal ar riachtanais teanga pháistí sa chéad bhliain i nGaelscoil agus iad ag tosú amach ar an aistear sin. As an chleachtas i scoil ar leith i mBéal Feirste, mar atá Gaelscoil na bhFál, a tháinig an coincheap agus tá sé anois á chur ar fáil do gach scoil eile le triail a bhaint as an chur chuige sin. Moltar tosú a luaithe agus is féidir ach thiocfadh leis an phacáiste seo a bheith iontach solúbtha agus a úsáid ar dhóigheanna éagsúla síos trí na scoilbhlianta.

## An Áis

Tá *Fios Fuaimeanna* ag tacú leis an phróiseas teagaisc agus foghlama maidir le fuaimeanna na gconsan a aithint mar aon le feasacht fóineolaíochta a fhorbairt. Is sraith póstaer atá ann a chuideoidh le páistí dul i dtaithe ar fhuaimneanna chonsain na Gaeilge ag tús focal agus iad ag dul i ngleic leis an chéim thosaigh i bpróiseas foghlama teanga agus litearthachta sa Bhonnchéim. Baineann an áis seo leis an réimse foghlama *Teanga agus Litearthacht na Gaeilge*.

Tá sraith focal ar gach póstaer a bhaineann le consan ar leith. Cuirtear na focail i láthair sna póstaer mar íomhánna agus iad comhcheangailte le chéile mar chuid de théama ar leith, mar shampla *Páistí sa Pháirc* agus *An Bóthar Bui*. Tá na focail ábhartha ar fáil ar chúl na bpóstaer agus thig leis an mhúinteoir na focail seo a úsáid leis na tús-fhuaimeanna a mhúineadh. Is ainmfhocail choitianta Ghaeilge iad formhór na bhfocal san áis seo, mar aon le focail eile amhail aidiachtaí agus briathra a shíneann stór focal na bpáistí. Ní foclóir cuimsitheach atá ann, áfach. Baineann cuid de na póstaer le consan amháin agus tá póstaer eile ann a bhfuil meascán consan iontu. Tabhair faoi deara go ndíríonn an pacáiste isteach ar na tús-chonsain seo a leanas amháin: b, c, d, f, g, l, m, n, p, r, s agus t. Ní dhéantar idirdhealú idir consan caol agus consan leathan ag an pointe seo. Ní phléitear gutaí ach oiread.

## Úsáid na bPóstaer

Sraith de phóstaer ghleite spreagúla atá sa phacáiste seo. Ar gach póstaer tá pictiúr iontach ‘gnóthach’ a léiríonn rudaí coitianta éagsúla a thosaíonn le consan ar leith. Ar an taobh eile den phóstaer tá liosta de na focail a bhaineann leis an chonsan ábhartha. Is féidir a bheith ag obair le rang iomlán nó le grúpaí éagsúla. Ní fheiceann na páistí ach an pictiúr agus cuireann an mhúinteoir ceisteanna orthu faoi na rudaí a fheiceann siad. Aithnítear go bhfuil na focail le sealbhú ag na páistí ar dtús, ach thiocfadh sin a dhéanamh trí na pictiúir fosta mura bhfuil an stór focal acu cheana féin. Is ansin is féidir leis an mhúinteoir ceisteanna simplí a chur cosúil leis na cinn seo thíos.

<i>Bád, babai, balún ... tosaíonn siad go léir le ‘b’ – an bhfuil rud ar bith eile sa phictiúr a thosaíonn le ‘b’?</i>	<i>Mála, mamaí, muc, mór – cad é an fhuaim ag tús na bhfocal seo?</i>
<i>Cad é a thosaíonn leis an litir ‘c’?</i>	<i>Cad é a thosaíonn leis an fhuaim ‘f’?</i>
<i>An bhfeiceann tú rud ar bith a thosaíonn leis an fhuaim ‘g’?</i>	<i>An bhfeiceann tú rud ar bith a thosaíonn leis an litir ‘l’?</i>
<i>An bhfuil rud ar bith sa phictiúr a thosaíonn le ‘n’?</i>	<i>An bhfuil rud ar bith sa phictiúr a thosaíonn le ‘m’?</i>

Moltar don mhúinteoir na focail a eiseamláiriú do ná páistí go soiléir agus béim curtha ar na túsfhuaimeanna. Thig leis na páistí, agus iad faoi threoir an mhúinteora, na focail a rá ó bhéal agus béim á cur ar thúsfhuaimeanna na bhfocal. Is fiú go mór na póstaer a chur ar taispeánt sa tseomra ranga mar chuidiú do na páistí na túsfhuaimeanna a dhaingniú agus ceangal a chruthú idir an stór focal, na híomhanna agus na fuaimeanna. Cuidíonn na híomhanna seo le leid amhairc a thabhairt do na páistí maidir le focail a thosaíonn le fuaim ar leith. Nuair a bheidh póstaer 1–12 déanta is féidir bogadh ar aghaidh go dtí na póstaer sin a bhaineann le níos mó ná consan amháin, 13–18. Ar na póstaer seo tá meascán de rudaí a thosaíonn le consain éagsúla. Tugann sé seo deis do na páistí idirdhealú a dhéanamh idir na consain éagsúla sin.

## Eile

Chomh maith leis na póstaer lannaithe, is féidir úsáid a bhaint as leagan leictreonach atá ar fáil ag [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk) Thiocfadh an leagan seo a úsáid ar an chlár bhán idirghníomhach más fusa sin le grúpa mór. Ar a bharr sin, thiocfadh le páistí bheith ag obair le bogearraí ríomhaire taibléid le tasc a dhéanamh amhail ciorcal a chur thart ar rudaí ar leith sna póstaer. Ar a bharr sin arís, tá sraith cluichí idirghníomhacha ar fáil ag [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk) a chuideoidh le próiseas daingnithe na dtúsfhuaimeanna. Tabhair faoi deara gur féidir an pacáiste seo a úsáid le gnéithe éagsúla den churaclam. Is féidir é a úsáid le bunchomhrá a spreagadh ar ábhar na bpóstaer. Mar shampla: foclóir ginearálta, dathanna, éadaí, aidiachtaí, uimhreacha, gníomhaíochtaí agus réamhfocail.

## Aitheantas

Ba mhaith le CCEA buíochas a ghabháil le foireann Ghaelscoil na bhFál as an áis seo a fhorbairt.